Preasráiteas…… Preasráiteas …… Preasráiteas …… Preasráiteas

Comhairle Chontae Ros Comáin



Comhdháil an Chraoibhín 2011

Comhdháil Dhubhglas de hÍde 2011

Tionólfar Comhdháil Dhubhghlas de hÍde Dé hAoine 4 Samhain 2011 i Seomra Comhdhála Chomhthionól Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair, Bealach an Doirín. Ócáid aon lae a bheidh i gceist a thabharfaidh chun críche an tríú bliain den timthriall Cultúir agus Eacnamaíochta a bhaineann leis an gcomhdháil bhliantúil seo.

Tabharfaidh Comhairle Chontae Ros Comáin agus ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ealaíontóirí, lucht acadúil, polaiteoirí, tráchtairí agus comhlachtaí poiblí le chéile arís chun téama na bliana seo a phlé, eadhon.

An Geilleagar vs Na Daoine – Meon Deighilte na hÉireann

Faoin ábhar seo fiosrófar an coincheap go bhfuil níos mó ná geilleagar agus i bhfad níos mó ná cúrsaí airgeadais ag baint le sochaí. Taobh thiar den éiginnteacht eacnamaíoch agus dhúshlánach atá go ríshoiléir faoi láthair tá sochaí cultúir agus shibhialta láidir, sochaí a chinnfidh, ar deireadh, cé muid féin agus an sórt dream daoine ba linn a bheith. Tá léirithe ag an WDC tríd an obair atá déanta aige le déanaí ar an *Creative West* an tábhacht a bhaineann leis an earnáil seo ó thaobh na sochaí agus an gheilleagair de.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcomhdháil, ar é an téama coimhlint na féiniúlachta, is toghchán an uachtaráin á reachtáil i mbliana. Is iomaí ábhar díospóireachta a ardaíonn pearsa Dhubhghlas de hÍde, an chéad uachtarán ar Éirinn a rinne sár-iarracht ina thréimhse féin féiniúlacht a chruthú do na daoine trí athbheochan na Gaeilge.

Áirítear ar na príomhchainteoirí an tOllamh Diarmaid Ferriter, Ollamh le Nua-Stair na hÉireann i UCD, Finbarr Bradley, Iar-Ollamh le hAirgeadas i DCU agus comhúdar *Capitalising on Culture,* Catriona Crowe, Cartlannaí Sinsearach sa Chartlann Náisiúnta agus Betty Purcell, Léiritheoir Sinsearach le Teilifís RTÉ, Léiritheoir Sraithe na gClár Ealaíon.

Is é Theo Dorgan, file agus craoltóir, a bheidh ina chathaoirleach ar an gcomdháil.

Tá teorainn ar an líon áiteanna atá ar fáil. Is gá áiteanna a chur in áirithint. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar www.roscommonarts.com

Comhordaitheoirí na Comhdhála:
Richie Farrell
Teil: 090-66-37271
Caitlín Conneely
Teil: 090-66-37298
dhydeconference@roscommoncoco.ie

CRÍOCH